C/2024/4274

1.7.2024

Fógra le haghaidh na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/385 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1837 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) Uimh. 2024/386 ón gComhairle arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1838 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin

(C/2024/4274)

Dírítear aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/385 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2024/1837 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 2024/386 ón gComhairle ([3]) arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1838 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin, ar an bhfaisnéis seo a leanas:

Tá Comhairle an Aontais Eorpaigh tar éis a chinneadh gur cheart na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha nó dlítheanacha, na ngrúpaí, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/385, agus i Rialachán (AE) 2024/386 a bhaineann le bearta sriantacha ina gcoinne iad siúd a thacaíonn le gníomhaíochtaí foréigneacha Hamas agus Jiohád Ioslamach na Palaistíne, nó a éascaíonn nó a chumasaíonn na gníomhaíochtaí sin. Tugtar na forais leis na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí sin a ainmniú sna hiontrálacha ábhartha sna hiarscríbhinní sin.

Tugtar ar aird na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí sin gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha mar a léirítear sna suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/386, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 4 den Rialachán).

Féadfaidh na daoine, na heintitis agus na comhlachtaí lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh iad a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, **roimh an 30 Lúnasa 2024**, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Tugtar ar aird na ndaoine, na ngrúpaí, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos sa dara mír d'Airteagal 275, agus sa cheathrú agus sa séú mír d'Airteagal 263, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L, 2024/385, 19.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/385/oj.
([2]) IO L, 2024/1837, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/1837/oj.
([3]) IO L, 2024/386, 19.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/386/oj.
([4]) IO L, 2024/1838, 28.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1838/oj.